



An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026
(OR. en)

11187/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0160 (NLE)

UD 192
COASI 116
POLCOM 240
ASIE 28

TOGRA

| | |
|---------------------------|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 297 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chustam arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a mhéid a bhaineann le glacadh an chinnidh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 297 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 297 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.6.2026
COM(2026) 297 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chustam arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingepór a mhéid a bhaineann le glacadh an chinnidh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingepór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh

IARSCRÍBHINN

CINNEADH UIMH. 2/2026 ÓN gCOISTE UM CHUSTAM IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS SINGEAPÓR

an ...

maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh

TÁ AN COISTE UM CHUSTAM,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta, agus Poblacht Shingeapór, dá ngairtear ‘Singeapór’ anseo feasta, agus go háirithe Caibidil a Sé maidir le hÉascú Custaim agus Trádála agus Tuiscint 4 maidir le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Chláir Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe díobh,

De bharr an mhéid seo a leanas,

- (1) An Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór, dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta, tháinig sé i bhfeidhm an 21 Samhain 2019.
- (2) Déantar foráil in Airteagal 6.3 den Chomhaontú maidir le gealltanas na bPáirtithe sa Chomhaontú aitheantas frithpháirteach a bhunú, i gcás inarb iomchuí, maidir le cláir comhpháirtíochta trádála, lena n-áirítear gnéithe amhail tarchur sonraí agus tairbhí arna gcomhaontú go frithpháirteach.
- (3) Foráiltear le Tuiscint 4 ar an gComhaontú maidir le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Chláir Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe, i measc nithe eile, go gcomhaontóidh na Páirtithe sa Chomhaontú, trí chinneadh ón gCoiste um Chustam arna bhunú de bhun Airteagal 16.2 (Coistí Speisialaithe), maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcláir Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe faoi seach, dá ngairtear cláir ‘OEÚ’ anseo feasta.
- (4) In Airteagal 6.17 den Chomhaontú, bunaítear go bhféadfaidh an Coiste um Chustam cinní a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chlár comhpháirtíochta trádála, lena n-áirítear gnéithe amhail tarchur sonraí agus tairbhí arna gcomhaontú go frithpháirteach.
- (5) Slándáil agus sábháilteacht, agus éascú an tslabhra soláthair trádála idirnáisiúnta, is féidir iad sin a fheabhsú trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dá gcuid clár comhpháirtíochta trádála, is iad sin an Clár um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus dá ngairtear ‘CTS Plus’ anseo feasta, i Singeapór agus clár OEÚ san Aontas.
- (6) Tá cláir CTS Plus agus OEÚ bunaithe ar chaighdeán slándála a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a mholtar sa Chreat Caighdeán chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú, dá ngairtear ‘Creat SAFE’ anseo feasta, ón Eagraíocht Dhomhanda Custaim.
- (7) Cuirtear ar chumas an Aontais agus Shingeapór, trí aitheantas frithpháirteach, tairbhí éascaitheacha a sholáthar d’oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil infheistíocht déanta acu i slándáil an tslabhra soláthair agus a bhfuil údarú tugtha dóibh faoina gcláir comhpháirtíochta trádála faoi seach.
- (8) Is léir ó chuirteanna ar an láthair agus meastóireacht chomhpháirteach ar chlár OEÚ san Aontas agus ar chlár CTS Plus i Singeapór go bhfuil a gcuid caighdeán cáilíochta,

chun críoch slándála agus sábháilteachta, comhoiriúnach agus go mbíonn torthaí coibhéiseacha mar thoradh orthu.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Sainmhíniú

Chun críocha an chinnidh seo,

Ciallaíonn ‘údarais chustaim’, san Aontas, seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus údarais chustaim na mBallstát agus, i Singeapór, Lucht Custaim Shingeapór, dá ngairtear ‘Údarais Custaim’ le cheile anseo feasta agus ‘Údarás Custaim’ ina aonar.

Ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ duine atá rannpháirteach i ngluaiseacht idirnáisiúnta earraí.

Ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis a bhaineann le duine aonair atá aitheanta nó inaitheanta.

Ciallaíonn ‘clár’:

(a) san Aontas: Stádas Oibrítheora Eacnamaíoch Údaraithe (OEÚ) (slándáil agus sábháilteacht) a deonaíodh de réir phointe (b) d’Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;

(b) i Singeapór: an Clár um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus, a deonaíodh de réir Roinn 143(1)(hb) den Acht Custaim 1960.

Ciallaíonn ‘Comhaltaí Cláir’ oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil stádas OEÚ acu san Aontas agus stádas ballraíochta CTS Plus i Singeapór mar a thugtar tuairisc orthu sa sainmhíniú ar ‘Clár’ nuair a dhéantar tagairt dóibh i dteannta a chéile.

Airteagal 2

Aitheantas Frithpháirteach agus Cur Chun Feidhme an Chinnidh

1. Aithnítear go frithpháirteach leis seo go bhfuil Cláir an Aontais agus Shingeapór comhoiriúnach agus coibhéiseach agus caithfear le Comhaltaí Cláir ar bhealach atá i gcomhréir le hAirteagal 4.

2. Cuirfidh an tAontas agus Singeapór an Cinneadh seo i bhfeidhm lena nÚdarais Chustaim faoi seach.

Airteagal 3

Comhoiriúnacht

1. Oibreoidh na hÚdarais Chustaim i gcomhar chun an chomhoiriúnacht agus an choibhéis idir a gCláir a choinneáil ar bun, go háirithe maidir leis na cásanna seo a leanas:

(a) an próiseas um iarratas a dhéanamh ar stádas agus ballraíocht OEÚ;

¹ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1)

(b) na hiarratais a mheasúnú;

(c) stádas agus ballraíocht a dheonú; agus

(d) bainistiú, faireachán, fionraí agus athmheasúnú, agus cúlghairm an stádais agus na ballraíochta.

2. Leis an gCinneadh seo, toisc go mbaineann sé le comhoiriúnacht agus coibhéis, léirítear struchtúr agus raon feidhme reatha na gelár comhpháirtíochta trádála san Aontas agus i Singeapór. Ní chuirtear san áireamh sa Chinneadh seo modhnuithe a dhéanfar amach anseo ar gach clár. Tuigeann na hÚdaráis Chustaim go bhféadfadh sé go n-éileodh aon modhnú den sórt sin ar na cláir amach anseo go gcuirfeadh an dá Údarás Custaim bailíochtú comhpháirteach breise i gcrích go rathúil chun a sástachta.

3. Áiríteoidh an tAontas agus Singeapór go bhfeidhmíonn a gcláir comhpháirtíochta trádála laistigh de chaighdeáin ábhartha Chreat SAFE.

Airteagal 4

Tairbhí

1. Soláthróidh gach Údarás Custaim tairbhí do Chomhaltaí Cláir an Údaráis Custaim eile, tairbhí atá inchomparáide leis na tairbhí a sholáthraíonn sé dá Chomhaltaí Cláir féin.

2. Áirítear na nithe seo a leanas leis na tairbhí dá dtagraítear i mír 1:

(a) níos lú rialuithe a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht: cuireann gach Údarás Custaim an stádas atá ag Comhalta Cláir arna dheonú ag an Údarás Custaim eile san áireamh go fabhrach ina mheasúnú riosca chun iniúchtaí nó rialuithe a laghdú agus i mbearta eile a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht;

(b) aitheantas ar chomhpháirtithe gnó le linn an phróisis iarratais: cuireann gach Údarás Custaim stádas Comhalta Cláir de chuid an Údaráis Custaim eile san áireamh go fabhrach agus na ceanglais comhpháirtithe gnó le haghaidh iarratasóirí faoina Chlár féin á measúnú aige;

(c) tús áite le linn imréiteach custaim: cuireann gach Údarás Custaim stádas Comhalta Cláir arna dheonú ag an Údarás Custaim eile san áireamh agus éascú trádála á áirithiú i gcás ina bhfuil baint ag na Comhaltaí Cláir;

(d) sásra um leanúnachas gnó: Féachann Údaráis Custaim le sásra um leanúnachas gnó a bhunú chun freagairt do bhriseadh i sreafaí trádála i ngeall ar mhéaduithe ar leibhéil rabhaidh slándála, dúnadh teorainneacha agus/nó tubaistí nádúrtha, éigeandálaí guaiseacha nó mórtheagmhais eile ina bhféadfadh Údaráis Chustaim lastais tosaíochta a bhaineann le Comhaltaí Cláir a éascú agus a bhrostú a mhéid is féidir; agus

(e) tosaíocht a thabhairt, tráth ar bith a bheidh sé praiticiúil, don chigireacht a dhéantar ar choinsíneachtaí a chumhdaítear le dearbhú imeachta achomair nó le dearbhú iontrála achomair arna thaisceadh ag Comhalta Cláir, má chinneann an tÚdarás Custaim dul ar aghaidh le cigireacht.

3. Tar éis an phróisis athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 7(3), féadfaidh gach Údarás Custaim tairbhí éascaithe breise a sholáthar i gcomhar le húdaráis rialtais eile ar a chríocha, agus féadfaidh cuíchóiriú próiseas agus méadú ar intuarthacht ghluaiseachta ag an teorainn a bheith san áireamh leis na tairbhí sin, a mhéid is féidir.

4. Maidir le gach Údarás Custaim:

- (a) féadfaidh sé na tairbhí a sholáthraítear do Chomhaltaí Cláir an Údaráis Chustaim eile a chur ar fionraí faoin gCinneadh seo;
- (b) déanfaidh sé, laistigh de thréimhse réasúnta ama, an fhionraí sin a bhfuil tuairisc tugtha uirthi faoi fhomhír (a) agus na cúiseanna a ghabhann léi a chur in iúl don Údarás Custaim eile; agus
- (c) ní fhéadfaidh sé na tairbhí a sholáthraítear do Chomhaltaí Cláir an Pháirtí Custaim eile a chur ar fionraí de bhun fhomhír (a) ach ar chúiseanna atá comhionann leis na cúiseanna sin a gcuirfeadh sé na Comhaltaí Cláir ar fionraí óna Chlár féin ar a mbonn.
5. Déanfaidh gach Údarás Custaim, nuair is iomchuí leis, neamhrialtachtaí a bhaineann le Comhaltaí Cláir de Chlár an Údaráis Custaim eile a thuairisciú don Údarás Custaim sin.
6. Ar thuarascálacha den sórt sin a fháil, déanfaidh an tÚdarás Custaim eile sin athbhreithniú láithreach ar oiriúnacht na dtairbhí agus an stádais a dheonaítear don Chomhalta Cláir tuairiscithe.
7. Ar mhaithe le tuilleadh deimhneachta, leis an gCinneadh seo, ní chuirtear srian leis an Aontas ná le Singeapór ná le hÚdaráis Chustaim faisnéis a iarraidh de bhun Thuiscint 3 maidir le Forálacha Breise an Chomhaontaithe a bhaineann le Custam nó de bhun ionstraim eile is infheidhme idir an tAontas agus Singeapór, nó idir na hÚdaráis Chustaim.

Airteagal 5

Faisnéis agus Cumarsáid a Mhalartú

1. Feabhsóidh na hÚdaráis Chustaim a gcuid cumarsáide chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go héifeachtach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (a) mionsonraí a gComhaltaí Cláir a chur ar fáil dá chéile de réir mhír 3 den airteagal seo;
- (b) an tÚdarás eile a choinneáil cothrom le dáta maidir le feidhmiú agus forbairt a gClár féin go tráthúil;
- (c) faisnéis a mhalartú faoi bheartais agus treocheartaí a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair; agus
- (d) cumarsáid éifeachtach a áirithiú trí sheirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus Phoblacht Shingepór chun cleachtais bainistithe riosca a fheabhsú ó thaobh shlándáil an tslabhra soláthair de.
2. Déanfaidh seirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus Údarás Custaim Shingepór an fhaisnéis agus an chumarsáid a mhalartú eatarthu féin faoi chuimsiú an Chinnidh seo.
3. Tar éis dó toil a fháil óna Chomhalta Cláir féin, seolfaidh gach Údarás Custaim na mionsonraí seo a leanas faoin gComhalta Cláir sin chuig an Údarás Custaim eile, agus na mionsonraí seo a leanas amháin:
- (a) ainm;
- (b) seoladh;
- (c) stádas ballraíochta, mar shampla údaraithe, curtha ar fionraí, cúlghairthe nó curtha ar ceal;
- (d) dáta bailíochtaithe nó údaraithe nuair atá sé ar fáil;
- (e) uimhir aitheantais uathúil (mar shampla: uimhreacha CTS Plus, EORI nó OEÚ); agus

(f) mionsonraí eile a fhéadfar a chinneadh go frithpháirteach idir na hÚdaráis Chustaim faoi réir, nuair is infheidhme, aon choimirce is gá.

Ar mhaithe le tuilleadh deimhneachta, ní áirítear leis na mionsonraí i bhfomhír (c) na cúiseanna le haghaidh fionraí, cúlghairme ná cur ar ceal stádas ballraíochta an Chomhalta Cláir sin.

4. Malartóidh na hÚdaráis Chustaim an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 ar bhealach atá córasach trí bhíthin modhanna leictreonacha.

Airteagal 6

An fhaisnéis a láimhseáil

1. Déanfaidh gach Údarás Custaim an méid seo a leanas:

(a) mura bhforáiltear a mhalairt sa Chinneadh seo, déanfaidh an tÚdarás aon fhaisnéis, lena n-áireofar aon sonraí pearsanta, a fhaightear faoin gCinneadh seo a úsáid le haghaidh chur chun feidhme an Chinnidh, agus chun na críche sin amháin, lena n-áireofar faireachán a dhéanamh air; agus

(b) d'ainneoin fhomhír (a), chun an fhaisnéis a úsáid chun críoch eile, gheobhaidh sé formheas i scríbhinn roimh ré ón Údarás Custaim a sheol an fhaisnéis. Aon úsáid den chineáil sin, beidh sé faoi réir aon sriain arna leagan síos ag an Údarás Custaim a sheol an fhaisnéis.

2. Déanfaidh gach Údarás Custaim an méid seo a leanas:

(a) déileáil leis an bhfaisnéis a fhaightear faoin gCinneadh seo mar fhaisnéis rúnda; agus

(b) an leibhéal cosanta céanna, ar a laghad, a thabhairt don fhaisnéis a fhaightear faoin gCinneadh seo agus a thugtar d'fhaisnéis a fhaightear ó Chomhaltaí Cláir a Chláir féin.

3. D'ainneoin mhír 1(a), féadfaidh Údarás Custaim an fhaisnéis a fhaightear faoin gCinneadh seo a úsáid in aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a thionscnaítear i gcás nach gcomhlíontar a dhlí custaim féin, lena n-áirítear í a úsáid sna taifid fianaise, na tuarascálacha agus an fhianaise ó na finnétithe. An tÚdarás a bhfuil an fhaisnéis faighte aige, tabharfaidh sé fógra don Údarás Custaim a sheol an fhaisnéis roimh aon úsáid den chineáil sin.

4. Déanfaidh gach Údarás Custaim an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis a fhaightear faoin gCinneadh seo a nochtadh chun na críche a bhfuarthas í, agus chun na críche sin amháin; agus

(b) d'ainneoin fhomhír (a), nuair cheanglaítear ar Údarás Custaim faisnéis a nochtadh le linn imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin, cuirfidh sé an tÚdarás Custaim a sheol an fhaisnéis ar an eolas faoin nochtadh i scríbhinn agus roimh an nochtadh sin.

5. Déanfaidh gach Údarás Custaim an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé go mbeidh aon fhaisnéis a sheolann sé cruinn agus cothrom le dáta;

(b) glacfaidh sé nósanna imeachta iomchuí maidir le scriosadh na faisnéise nó coinneoidh sé ar bun iad;

(c) tabharfaidh sé fógra don Údarás Custaim eile go gasta má chinneann sé gur sheol sé faisnéis mhíchruinn nó easnamhach chuig an Údarás Custaim eile, nó nach féidir brath uirthi, nó gó sárófáir fáil nó úsáid bhreise na faisnéise an Cinneadh seo;

(d) glacfaidh sé gach beart a mheasann sé a bheith iomchuí, lena n-áirítear forlíonadh, scriosadh nó ceartú na faisnéise dá dtagraítear i bhfomhír (c), ionas nach mbeadh spleáchas contráilte ar fhaisnéis den chineál sin; agus

(e) ní choinneoidh sé an fhaisnéis a fhaightear faoin gCinneadh seo ach chomh fada agus is gá chun an Cinneadh a chur i bhfeidhm nó chun críoch imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

6. De thoradh mhíreanna 4 agus 5, déanfaidh gach Údarás Custaim an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go bhfuil coimircí slándála ann (lena n-áirítear coimircí leictreonacha), de réir mar a bheidh an fhaisnéis sin de dhíth, chun rochtain ar fhaisnéis a fhaightear ón Údarás Custaim eile faoin gCinneadh seo a rialú;

(b) go gcosnaítear faisnéis a fhaightear ón Údarás Custaim eile faoin gCinneadh seo ar rochtain, scaipeadh, leasú, scriosadh nó díothú neamhúdaraithe;

(c) nach nochtar faisnéis a fhaightear ón Údarás Custaim eile faoin gCinneadh seo d'aon duine ná páirtí príobháideach nó d'aon duine dlítheanach, d'aon Stát ná comhlacht idirnáisiúnta nach Páirtithe iad sa Chomhaontú, ná d'aon údarás poiblí eile san Aontas ná i Singeapór, ach amháin i gcás a bhfuil ceangal ann sin a dhéanamh le linn imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin; agus

(d) go stóráiltear faisnéis a fhaightear ón Údarás Custaim eile faoin gCinneadh seo i gcórais stórála leictreonacha nó i gcórais stórála páipéir atá slán i gcónaí, agus go gcoinnítear logaí nó doiciméadacht maidir le gach rochtain, nochtadh nó úsáid faisnéise a fhaightear ón Údarás Custaim eile.

7. Déanfaidh gach Údarás Custaim an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé go láimhseálfar sonraí pearsanta Comhalta Cláir den Údarás Custaim eile, chomh fada agus a bhainfidh sé le rochtain, ceartú, tráthúlacht nó úsáid na sonraí a chur ar fionraí go sealadach, go láimhseálfar na sonraí sin ar bhealach atá comhionann ar a laghad le láimhseáil sonraí pearsanta a Chomhalta Cláir féin; agus

(b) foilseoidh sé faisnéis chun a Chomhaltaí Cláir féin a chur ar an eolas faoin bpróiseas is infheidhme maidir le rochtain, ceartú, fionraí sealadach úsáide, nó scriosadh a iarraidh i leith a sonraí pearsanta.

8. Déanfaidh gach Údarás Custaim foráil maidir le rochtain ar shásamh riaracháin nó athbhreithniú breithiúnach a bheith ag Comhaltaí Cláir, a mhéid a bhaineann sé lena sonraí pearsanta, gan beann ar a náisiúntacht ná a dtír chónaithe.

9. Foilseoidh na hÚdaráis Chustaim faisnéis chun Comhaltaí Cláir a chur ar an eolas maidir leis na roghanna atá acu chun sásamh riaracháin nó athbhreithniú breithiúnach a iarraidh.

10. Beidh comhlíonadh fhorálacha Airteagal 6 ag gach Údarás Custaim faoi réir athbhreithniú óna údarás ábhartha féin, rud a áiritheoidh go bhfaighfear aon ghearán nó teagmhas a bhainfidh le neamhchomhlíonadh maidir le láimhseáil faisnéise, go ndéanfar imscrúdú orthu, go dtabharfar freagra orthu agus go dtabharfar sásamh iomchuí ina leith. Áirítear leis na húdaráis sin:

(a) san Aontas: an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó a chomharba, agus údaráis cosanta sonraí na mBallstát; agus

(b) i Singeapór: Lucht Custaim Shingeapór agus Lárionad an Rialtais um Thuairisciú Teagmhas agus Oibríochtaí.

Airteagal 7

Comhairliúchán, faireachán agus athbhreithniú

1. Réiteoidh na hÚdaráis Chustaim aon fhadhb a bhaineann le léirmhíniú agus cur chun feidhme an Chinnidh seo trí chomhairliúcháin faoi choimirce an Choiste um Chustam.
2. Rachaidh na hÚdaráis Chustaim i ndlúthchomhar le chéile maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo agus déanfaidh siad faireachán rialta air seo, mar shampla trí chuairteanna ar an láthair, chun láidreachtaí agus laigí féideartha a aithint i gCláir an Aontais agus Shingepór.
3. Déanfaidh an Coiste um Chustam athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas athbhreithnithe, go háirithe:
 - (a) malartú tuairimí i ndáil le mionsonraí a mhalartaítear agus tairbhí OEÚ dá dtagraítear in Airteagal 4 a dheonaítear do Chomhaltaí Cláir, lena n-áirítear mionsonraí nó tairbhí OEÚ a bheidh ann amach anseo, i gcomhréir le hAirteagal 4;
 - (b) malartú tuairimí i ndáil le forálacha slándála ar nós prótacail a bheadh le leanúint le linn teagmhas tromchúiseach slándála agus dá éis sin (tús a chur athuair le gnó) nó nuair is ceart an t-aitheantas frithpháirteach a chur ar fionraí de réir dálaí;
 - (c) scrúdú a dhéanamh ar chur ar fionraí na dtairbhí dá dtagraítear in Airteagal 4; agus
 - (d) athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Airteagal 6.

Airteagal 8

Socruithe Deiridh

1. Gabhfaidh éifeacht leis an gcomhar faoin gCinneadh seo nuair a ghlacfaidh an Coiste um Chustam é.
2. Féadfaidh an Coiste um Chustam an Cinneadh seo a leasú. Tiocfaidh an leasú i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i mír 1.
3. Féadfaidh Údarás Custaim comhar faoin gCinneadh seo a chur ar fionraí tráth ar bith trí fhógra tríocha (30) lá i scríbhinn a thabhairt don Údarás Custaim eile. Déanfar fógra den chineál sin a sholáthar do sheirbhísí inniúla an Choimisiúin Eorpaigh agus do lucht custaim Shingepór, faoi seach. D'ainneoin an comhar faoin gCinneadh seo a chur ar fionraí, leanfaidh na hÚdaráis Chustaim d'Airteagal 6 a chomhlíonadh chun a áirithiú go gcosnófar an fhaisnéis a fhaightear ón Údarás Custaim eile tríd an gCinneadh seo.
4. Féadfaidh an tAontas nó Singepór deireadh a chur leis an gCinneadh seo tráth ar bith le fógra a thabhairt don Pháirtí eile sa Chomhaontú trí bhealaí taidhleoireachta. Foirceannfar an Cinneadh seo tríocha (30) lá tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí eile sa Chomhaontú an fógra i scríbhinn. D'ainneoin fhoirceannadh an Chinnidh seo, leanfaidh na hÚdaráis Chustaim d'Airteagal 6 a chomhlíonadh chun a áirithiú go gcosnófar an fhaisnéis a fhaightear ón Údarás Custaim eile tríd an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh i/sa [ÁIT], [DÁTA].

Ag an gCoiste um Chustam AE-Singepór

Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Thar ceann Phoblacht Shingepór
(Comhchathaoirligh an Choiste um Chustam)